# Coláiste Naomh Feichín
# Corr na Móna
# Co. na Gaillimhe

## Polasaí Úsáid Substaintí

**Sainmhíniú 'drugaí'**

Don Pholasaí seo bainfear úsáid as an téarma 'drugaí' chun tagairt a dhéanamh do shubstaintí mhídhleathacha (cannabis, ecstasy etc.), substaintí aindleathacha (tuaslagóirí agus beacáin dhraíochta) agus beidh tobac, alcól agus mí-úsáid leighis san áireamh chomh maith.

**Réasúnaíocht**

I sochaí ina bhfuil fáil ar dhrugaí go héasca ní mór do scoileanna cláracha oideachais dhrugaí a fhorbairt. Sí aidhm an pholasaí ná eolas, scileanna agus an meon ceart a chur ar fail dár scoláirí i sochaí atá dírithe i dtreo drugaí agus a chinntiú go bhfuil rialacha atá soiléir agus seasmhach ar fáil chun tabhairt faoi chásanna úsáid drugaí má tharlaíonn said. Teastaíonn co-oibriú idir scoláirí, tuismitheoirí, pobal na scoile, seirbhísí leighis, Gardaí agus an Rialtas chun úsáid drugaí a chosc. Ní féidir le scoil ar bith a bheith go bogásach ná ceapadh nach baol dá scoláirí féin.

**Aidhm an Pholasaí**

A chinntiú go bhfaighidh scoláirí oideachas forleathan ar dhrugaí agus go mbeidh rialacha rialta agus soiléir ar fáil i gcás eachtraí a bhaineann le drugaí.

**Cuspóir**

- Clár oideachais dhrugaí a chur ar fáil do scoláirí sóisearacha agus sinsearacha
- Modhanna oibre a bhfuil glactha leo a leanacht go cóir agus go rialta nuair a bhíonn gá
- A chinntiú go gcuirfear oiliúint ar fáil do fhoireann na scoile chun an polasaí a chur i bhfeidhm.
- Seisiún eolais ar dhrugaí a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí gach bliain

**Ábhar an Pholasaí**

Tá sé d'aidhm againn eolas faoi úsáid dhrugaí a thabhairt do na mic léinn agus ag an am chéanna béim a chur ar shaol shláintiúil. Freisin cuirfear na scoláirí ar an eolas ceart idir scileanna agus dearcadh, chun rogha freagrach a dhéanamh anois agus sa todhchaí i dtaobh cathú drugaí.
Tá oideachas drugaí á thabhairt tríd ranganna OSPS (Oideachais Sóisialta Pearsanta agus Sláintiúil). Tá an clár seo á chur ar fáil ó Mheán Fómhair 2002. Tá eolas ar dhrugaí á thabhairt freisin trí úsáid a bhaint as seirbhísí eachtracha agus leanfar ar aghaidh leis an gcleachtadh seo. Má bhainfear úsáid as cainteoirí eachtracha pléifidh an múinteoir atá ag eagrú na h-ócáide, ábhar na cainte leis an gcainteoir ar dtús. Cinnteoidh sé seo go mbeidh an

chaint feiliúnach do aois agus riachtanais na scoláirí. Fanfaidh an múinteoir leis an rang i rith na cainte chun cabhrú leo le ceisteanna nó aon ábhar imní.

I rith an Sraith Sóisir agus Sinsir, déanfar soláthar cuí ranganna go bliantúil, leis an gclár a chlúdach.

**Láimhseáil cásanna úsáid drugaí**

- Tá cosc ar scoláirí tobac a chaitheamh sa scoil nó i rith ócáidí scoile, turais scoile san áireamh.
- Tá cosc ar scoláirí alcól a bheith ina seilbh, nó é a ól i rith am scoile nó i rith ócáidí scoile, turais scoile san áireamh.
- Tá cosc ar scoláirí agus ar fhoireann na scoile a bheith faoi thionchar drugaí nó iad a bheith ina seilbh le linn dóibh a bheith sa scoil. Má tharlaíonn eachtra, sé polasaí na scoile freagairt i mbealach dian agus féaráilte ag cur san áireamh sábháilteacht agus leas an duine/na daoine atá i gceist, chomh maith le pobal iomlán na scoile. Déanfaidh an scoil iarracht a leithéid d'eachtra a láimhseáil go discréideach agus go goilliúnach, ag comhlíonadh aon dualgais dleathacha a bheadh i gceist.
- Nuair a bhíonn gá le substaintí aindleathacha i gcóir obair ranga nó cúrsaí glantacháin ní mór do fhoireann na scoile a chinntiú go bhfuil na substaintí stóráilte faoi ghlas agus go bhfuil siad doshroichte ag scoláirí múna bhfuil feitheoireacht á dhéanamh orthu.

**Tuairisceoireacht inmheánach**

Cuirfear an Príomhoide ar an eolas faoi gach eachtra úsáid drugaí nó cásanna amhrasacha.

**Taifead**

Coinneoidh an Príomhoide cuntas faoi rún ar chuile chás a mbeidh tuairisc tugtha faoi. Sa gcuntas seo ba chóir go mbeadh tuairisc ar aon rabhadh nó comhairle a tugadh don scoláire agus an toradh a bheadh ar aon athdhéanamh. B'fhearr gan ach eolas cinnte a bheith breactha síos. Más tuairim atá i gceist ba choir é sin a rá.

**Faoi Rún**

Má bhíonn baint ag scoláire le húsáid drugaí ní féidir gealladh go gcoinneofar an t-eachtra faoi rún mar gheall ar na srianta faoina n-oibríonn an scoil. Sé mian na scoile ná gníomhú ar an eolas agus teacht ar thoradh sásúil. Roinnfear eolas ar aon eachtra le Tuismitheoirí/Caomhnóirí, iad/é siúd atá i gceist agus b'fhéidir go gcaithfidh eolas a thabhairt do mhúinteoir, agus/nó do sheirbhísí eachtracha, ach déanfar é seo go discréideach.
Cuirfear na teorainn seo in iúl do scoláirí sula bpléifear an cás go h-oscailte más féidir. Cuirfear aon scoláire, a thograíonn gan eolas a roinnt go h-oscailte, i dteagmháil leis na seirbhísí cuí.

**Tuismitheoirí/Caomhnóirí**

I gcás go mbíonn baint ag scoláire le h-úsáid/seilbh drugaí nó amhras faoi, cuirfear an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas, mar bheadh a gcuid tacaíochta riachtanach i sárú na

faidhbe. Tabharfar cuireadh chun na scoile don tuismitheoir/caomhnóir chun an cás a phlé agus cuirfear é seo in iúl don scoláire. Tabharfar ainmneacha seirbhísí do thuismitheoirí/caomhnóirí a bheadh ag iarraidh níos mó tacaíochta.

**Gardaí**

I gcásanna ina soláthraítear drugaí mídhleathacha, sé polasaí na scoile ná na Gardaí a chur ar an eolas. Iarrfar comhairle ar na Gardaí freisin i gcásanna eile más gá. Braithfidh sé seo ar an bPríomhoide agus aon mhúinteoir cuí.

**Smachtbhannaí**

I gcásanna úsáide/seilbhe nó soláthrú drugaí nó amhras fúthu, déanfar dianfhiosrú, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm, fiú díbirt i gcásanna áirithe. De réir Cód Iompair an Choláiste beidh córas dian agus rialta smachtbhannaí i bhfeidhm chun déileáil le scoláirí i gcásanna úsáid drugaí.

**Cúram/Comhairle**

Mar gheall ar chontúirt úsáid drugaí rachaidh foireann chúram tréada na scoile i gcomhairle leis na scoláirí a bhíonn i gceist agus tar éis teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí, cuirfear i dteagmháil iad le seirbhísí athshlánaithe más gá. Tabharfar tacaíocht freisin do bhaill foirne a bheidh ag plé leis an gcás.

**Fáil réidh le drugaí**

Má faightear drugaí sa scoil nó i rith gníomhaíochtaí scoile cuirfear an Príomhoide ar an eolas láithreach.

(a) Stórálfadh ball d'fhoireann na scoile na drugaí in áit shábháilte sa scoil agus cuirfear fios ar na Gardaí chun iad a bhailiú.
(b) Tógfaidh ball d'fhoireann na scoile seilbh ar dhrugaí le linn gníomhaíochtaí scoile agus coinneofar go cúramach iad go bhfilltear ar ais ar an scoil agus stórálfar i n-áit sábháilte iad. Cuirfear na h-Údaráis cuí ar an eolas.
Idir an dá linn ní láimhseáiltear an substaint thar mar is gá sa dá chás.

**Cuardach**

Má cheaptar go bhfuil drugaí sa scoil tá de cheart ag an scoil gach áit sa scoil a chuardach, taisceadáin na scoláire, agus mála scoile (le cead an scoláire) san áireamh. Tabharfar seans do scoláire an substaint a thabhairt suas go deonach, sula gcuirfear tús leis an cuardach. Má tá údar ann creidiúint go bhfuil scoláire i seilbh drugaí iarrfar air/uirthi é a thabhairt suas go deonach. Má dhiúltaíonn sé/sí, d'fhéadfaí glaoch ar na Gardaí chun an chuardach a stiúradh. Beidh ar an scoláire/scoláirí a bhfuil amhras faoi/fúthu fanacht i gcuideachta beirt d'fhoireann na scoile go dtagann na Gardaí agus caithfidh beirt d'fhoireann na scoile a bheith i láthair nuair atá cuardach de shaghas ar bith ar siúl.

**Sábháilteacht agus Sláinte**

I gcás éigeandála drugaí nó cás amhrasach faoi drugaí, leanfar na treoirlínte seo a leanas – beidh an ord ag braith ar mheas an chás:

(a) glaoch ar sheirbhísí éigeandála

(b) glaoch ar sheirbhísí proifisiúnta
(c) cuirfear fios ar bhall don fhoireann scoile atá cáilithe i ngarchabhair
(d) cuirfear an Príomhoide ar an eolas
(e) déanfar chuile iarracht teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí

**Riaradh agus úsáid leighis**

a. Nuair a bhíonn ar bhall foirne comhair leighis/céad chabhair a chur ar pháiste cinntítear go ndéanfar é in áit poiblí m.s. lasmuigh de dhoras na hoifige.
Más rud é go bhfuil scoláire ag tógáil leighis, caithfear na múinteoirí a bheith ar an eolas faoi. **Is é polasaí an Choláiste gan aon druga leigheas a thabhairt do scoláire ar bith. Ní cheadófar do scoláire druga leigheas a thógáil sa Choláiste, gan cead scríofa ó thuiste a bheith curtha ar fáil don Choláiste. Déanfar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir má bhíonn scoláire tinn nó gortaithe.**

b. Má tharlaíonn timpiste do scoláire, cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas láithreach nó déanfar socrú cuí. Líonfaidh an múinteoir a bhí i láthair foirm - tuairisc ar thimpiste chomh luath agus is féidir, agus gheobhaidh sé/sí eolas ó fhinné eile a bhí i láthair.

c. Tá ceist ar an bhfoirm iontrála a iarrann eolas faoi fhadhbanna sláinte atá ag scoláire. Cuirfear údaráis agus múinteoirí an Choláiste ar an eolas faoi más rud é go bhfuil aon fhadhbanna sláinte m.sh. epilepsy, diaibéiteas. Ba chóir go mbeadh eolas ar fáil do mhúinteoirí, de bhreoiteachtaí atá ar scoláire cláraithe conas cabhrú leis an scoláire sin.

d. I gcás scoláire le ailléirgí(allergies), ba chóir don tuismitheoir eolas cuí ina thaobh a chur ar fáil d'údaráis agus do mhúinteoirí an Choláiste.

**Oiliúint Fóirne agus Cúrsaí Tacaíochta**

Ag braith ar acmhainne na scoile cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do na múinteoirí cuí chun cabhrú leo an bpolasaí a chur i bhfeidhm, m.sh. clár oideachais drugaí, garchabhair, OSPS (Oideachais Sóisialta Pearsanta agus Sláintiúil), &rl.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh bainistíocht sinsear agus meánach monatóireacht rialta chun a chinntiú go gcuirfear an Polasaí i bhfeidhm go h-éifeachtach. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí gach trí bliana nó níos minicí más gá.

**Fráma Ama**

Cuirfear an Polasaí i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016.

Polasaí Úsáid Drugaí athbhreithnithe faofa ag an mBord Bainistíochta:

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha _______________ Dáta: 4/11/2019.

Cathaoirleach, Bord Bainistíocht
Coláiste Naomh Feichín